

**Tuairisc ar
Ghéilliúlacht
do Chuid 5
den Acht
Míchumais
2005 do 2016**

NDA

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Clár

Achoimre Feidhmeannach.....	2
1 Réamhrá.....	5
1.1 Cúlra dlíthiúil	5
1.2 Fostaithe míchumas a chomhaireamh	5
1.3 Cur le lucht míchumais a earcú ar bhonn méadaithe	6
2 Príomhthorthaí do 2016	9
2.1 Sáraíodh an sprioc 3% don séú bliain as a chéile	9
2.2 Athruithe ar chomhlachtaí reachtúla	9
2.3 Anailís de réir cineál an chomhlachta reachtúla	12
2.4 Anailís de réir méid an chomhlachta reachtúla	14
2.5 Na hAthruithe a thuiscint	16
3. Monatóireacht agus Géilliúlacht	17
3.1 Sprioc-amanna tuairisce	17
3.2 Géilliúlacht don Acht - 2013 agus 2014	17
3.3 Géilliúlacht don Acht - 2014 agus 2015	17
3.4 Géilliúlacht don Acht - 2015 and 2016	18
3.5 Plé leis an gCoiste Monatóireachta	18
3.6 Maolú	19
3.7 Dearmaid – athruithe tar éis an dáta foilsithe	19
Aguisín A – Ranna Rialtais	20
Aguisín B – Comhlachtaí Poiblí	21
Aguisín C – Rátaí Freagartha daonáireamh foirne 2016.....	33

Achoimre Feidhmeannach

Seo an t-aonú tuairisc ón Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) ar lucht míchumais a fhostú san earnáil phoiblí. Tá ról reachtúil ag an NDA, a eascraíonn as Cuid 5 den Acht Míchumais 2005, maidir le monatóireacht ar fhostú lucht míchumais san earnáil phoiblí.

Faoi dheireadh na bliana 2016, tuairiscíodh gur lucht míchumais iad 3.5% den bhfoireann i gcomhlachtaí san earnáil phoiblí. Laghdú beag é seo ar 3.6% i 2015. B'ionann san agus figiúr na bliana 2014.

Is i gcomhthéacs an mhéadú suntasach mar 12,650 fostaithe san earnáil phoiblí a tharla an laghdú ó 3.6% go 3.5% ar líon na bhfostaithe faoi mhíchumais. Ar an iomlán bhí 213,991 fostaithe san earnáil phoiblí i 2016.

I 2016, tháinig méadú ar an líon fostaithe a tuairiscíodh faoi mhíchumais go 7,457 ó 7,245 i 2015. B'in méadú 212.

I 2015, tháinig méadú ar an líon fostaithe a tuairiscíodh faoi mhíchumais go 7,245 ó 6,771 i 2014. B'in méadú 474.

Ní mór a chur san áireamh, áfach, gurb é seo an líon fostaithe faoi mhíchumas is airde a taifeadadh ó cuireadh tús leis an bpróiseas monatóireacht reachtúil i 2007.

Cé go bhfuil sé ina ábhar díomá, áfach, tuigtear go mbaineann an méadú ar líon a tuairiscíodh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). I 2016, ar chomhairle agus faoi threoir an an NDA, lean an HSE de bhearta praiticiúla a spreag is a thacaigh le lucht míchumais a fhostú agus cuireadh cultúr chun cinn a lig dóibh míchumas a nochtadh ar a suaimhneas. Ar na bearta larnacha bhí:

- Plean Gníomh Míchumais a fheidhmiú um lucht míchumais a fhostú
- Taithí oibre a sholáthar do lucht míchumais
- Saothrú leis an Seirbhís Náisiúnta Earcaíochta agus teagmháil le áisínteachtaí cuí tacaíochta, mar shampla, an Clár *Willing Able and Mentoring (WAM)* atá ag an gCumann um Rochtain ar Ard-Oideachas agus Míchumas (AHEAD) i dtreo comhroinn chomh fairsing agus ab fhéidir a bhreith isteach ar mhórchomórtas riaracháin a seoladh i 2017
- Forbairt treoir earcaíochta do bhainisteoirí seirbhísí sláinte a lig don éagsúlacht iomlán sa chúram is a thacaigh le hearcaíocht imeasctha a chleachtadh
- Polasaí agus próisis chun fostaí a choimeád nuair a fhaightear míchumas

- Modhanna bailithe sonraí a fheabhsú. I 2016, tuairiscíodh an líon iomlán fostaithe ach roimhe sin tuairiscíodh an líon Cómhór Lánaimsire fostaithe.

I 2016, dá bhrí sin thuairiscigh Feidhdmeannacht na Seirbhíse Sláinte méadú 9,961 fostaí. Tá 76,221 duine san eagraíocht anois seachas 66,260 i 2015. Mhéadaigh an líon acu atá faoi mhíchumas faoi 118 go 1,549.

Ar an iomlán, tá méadú leanúnach bliantúil ar an líon fostaithe a thuairiscíonn míchumas gach aon bhliain le sé bliana anuas. Leanfaidh an NDA de shaothrú leis an earnáil phoiblí chun cur le cumas go ceann bliana eile lena chinntiú go leanfar den phatrún céanna.

Tá ceithre chatagóir comhlachtaí poiblí ann don mhéid:

- 1-99 fostaí,
- 100-999 fostaí,
- 1,000-4,999 fostaí,
- 5,000+ fostaí,

I 2016, bhí trí chatagóir a shroich nó a sháraigh an sprioc 3%. Bhí céatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas sa chatagóir is mó 5000+ fostaí go díreach faoi bhun an sprioc mar 2.9%. I 2015, shroich nó sáraigh na ceithre chatagóir an sprioc.

Tá cúig shaghas comhlachtaí poiblí ann don chineál:

- ranna rialtais
- comhlachtaí poiblí faoi státseirbhísigh
- údaráis aitiúla
- comhlachtaí tráchtála
- comhlachtaí neamhthráchtála

I 2016, shroich ceithre chineál as cúig an sprioc 3%. I 2015, bhí comhlachtaí neamhthráchtála go díreach faoi bhun an sprioc mar 2.9%. I 2016, bhí na comhlachtaí céanna go díreach faoi bhun an sprioc mar 2.6%.

Léirigh na comhlachtaí poiblí feabhas mór ar ghéilliúlacht don sprioc-lá tuairiscithe 30 Meitheamh do na haighneachtaí cineálacha agus cainníochtúla. Fuarthas tuairisc ó thart ar 50% de na Ranna Rialtais roimh an sprioc-lá reachtúil. Seoladh tuairiscí deiridh ó dhá chomhlacht roimh 18 Iúil 2017.

I 2016, thuairiscigh mórán comhlachtaí poiblí nach raibh comhaireamh cruinn acu ar líon a gcuid fostaithe faoi mhíchumas de dheasca easpa nochtaithe. Leanann an NDA i gcónaí de threoir a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir le cultúr a ligfeadh do mhíchumas á nochtadh go suaimheach.

Bhí dea-thoradh ar an saothar úd i gcomhlachtaí áirithe poiblí. I 2014 agus 2015, níor shroich Fiontar Éireann, Campaí Leanaí Bhaile an Oibircigh ná An Chomhairle Ealaíon an sprioc 3% le dhá bhliain as a chéile. Chuir na comhlachtaí úd bearta lárnacha i bhfeidhm agus orthusan bhí:

- Polasaithe um lucht míchumais a fhostú
- Cláir taithí oibre a sholáthar do lucht míchumais
- Straitéis chumarsáide a chruthú is a fheidhmiú sna heagraíochtaí, á shoiléiriú ón tús gur phróisis go hiomlán gan ainm agus faoi rún a bhí sna daonáireamh Cuid 5.
- Cur in iúl do na fostaithe cén fáth go raibh sé tábhachtach aon mhíchumas a nochtadh as a stuaim féin

Dá thoradh san, sháraigh na heagraíochtaí úd an sprioc 3% i 2016.

1 Réamhrá

1.1 Cúlra dlíthiúil

I gCuid 5 den Acht Míchumais 2005 leagtar síos ról reachtúil don Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) um mhonatóireacht ar an earnáil phoiblí. Sonraítear freisin na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí agus ranna rialtais i leith fostaíocht, tuairisciú agus monatóireachta.

Go hachomair, is iad na dualgais faoin Acht:

- Déanfaidh comhlachtaí poiblí, chomh fada agus is féidir, gach beart réasúnta chun fostú lucht míchumais a chur chun cinn is tacóidh siad leis an bhfostú céanna (S.47.1a)
- Cinnteoidh comhlachtaí poiblí, ach fáth maith a bheith acu lena mhalairt, go sroictear na spriocanna géilliúlachta a leagtar síos (S.47.2)
- Bunóidh na hAirí coiste monatóireachta ina Ranna féin (S.48.1)
- Seolfaidh comhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil ar ghéilliúlacht chuig an coiste monatóireacht sa roinn a bhaineann leo faoin 31 Márta in aghaidh na bliana (S.48.2)
- Seolfaidh an coiste tuairisc bhliantúil chuig an NDA faoin 30 Meitheamh (S.48.5d)
- Nuair a lorgaíonn Aire nó an NDA breis eolas faoi ghéilliúlacht, seolfaidh an chomhlacht phoiblí é sin laistigh de thrí mhí (S 49.1)
- Má leantar de neamhghéilliúlacht ar feadh dhá bhliain, is má bhíonn an NDA den tuairim nach bhfuiltear géilliúil, féadfaidh siad ‘bearta áirithe’ a lorg ionas go mbeidh an chomhlacht in ann géilliúlacht a bhaint amach.

1.2 Fostaithe míchumas a chomhaireamh

San Acht ní leagtar síos modh chun foireann faoi mhíchumas a áireamh ná a aithint. Chuir an NDA comhairle ar chomhlachtaí poiblí faoi mhodhanna éagsúla ina leith san. Caithfidh gach comhlacht poiblí an modh atá oiriúnach dóibh féin a roghnú chun an líon foireann faoi mhíchumas a áireamh in aghaidh na bliana. D’iarr an NDA orthu a bheith leanúnach maidir le modhanna i gcaitheamh na haimsire chun difríochtaí móra sna sonraí mar a thuairiscítear iad a sheachaint.

Beart lárnach i gcás foireann faoi mhíchumas a aithint is ea daonáireamh iomlán foirne, nuair a iarrtar ar chách a chur in iúl má táthar faoi mhíchumas. Is léir ó na tuairiscí a thagann gur fada óna chéile iad na rátaí freagartha foirne. Bíonn dúshlán ag baint le timpeallacht a chruthú mar a mbeidh an duine faoi mhíchumas sásta é sin a admháil. De réir ár dtuairiscí féin faightear na torthaí is fearr mar a leanas:

- Chomh maith leis an daonáireamh bíonn clár cumarsáid a mhíníonn an gá atá leis, slándáil an eolais agus an leas a bhaintear d'fhostaithe agus don eagraíocht ar an iomlán. Is maith an chabhair í dul i gcomhar le ceardchumann agus páirtithe leasmhara eile.
- Cruthaíonn an fostóir cultúr agus timpeallacht mar a dtuigeann an ball foirne nach mbeidh aon toradh diúltach ar an mbeart ó thaobh na fostaíochta de má luaitear an míchumas.

Níl gá le daonáireamh iomlán gach aon bhliain. Bíonn comhlachtaí ann ag a mbíonn daonáireamh ó am go chéile, úsáidtear taifid HR ar theacht is imeacht maraon le hiarratais ar chóiríocht réasúnta chun teacht ar athruithe idir an dá linn. Ar ndóigh cuirtear bearta cuí i bhfeidhm um chosaint sonraí. Sa chás nár tharla daonáireamh le tamall de bhlianta, d'fhéadfaí leas a bhaint as chun béim a leagan ar an dtábhacht a bhaineann le fostaíocht do lucht míchumais. Chuirfí dá réir sin le cultúr a ligfeadh do nochtadh míchumais.

1.3 Cur le lucht míchumais a earcú ar bhonn méadaithe

Faoin **Straitéis Chuimsitheach do Lucht Míchumais 2015 – 2024**, tá run ag an Rialtas an sprioc reachtúil fostaithe a ardú ar bhonn méaduithe, ionas go mbeidh ar a laghad 6% de na foistaithe san earnáil phoiblí faoi mhíchumas faoin mbliain 2024.

Phléigh an NDA an t-ardú méaduithe seo le Coistí Monatóireachta na Ranna. Faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005, tá Coiste Monatóireachta i ngach aon Roinn Rialtais. Ar an gCoiste bíonn ionadaithe ón Roinn. Is é cúram na gCoistí úd ná monatóireacht a dhéanamh ar an ndul chun cinn a dhéanann na comhlachtaí poiblí atá faoi choimirce na Roinne acu féin maidir lena ndualgais faoi Acht 5 den Acht Míchumais 2005. Oibríonn na Coistí céanna i gcomhar leis an NDA chun na comhlachtaí poiblí a bhaineann leo a spreagadh i dtreo géilleadh do Chuid 5.

Ar an 5 Bealtaine 2017, reachtáil an NDA seimineár ar Bhealaí Malairteacha um Earcú d'fhostaithe san earnáil phoiblí. Tharla léiriú ar mhéadú ar earcú agus fostú lucht míchumais ar bhonn méaduithe. Míníodh go soiléir an cur chuige a bhaineann le bogadh i dtreo an sprioc reachtúil:

- Faoi 2019, caithfidh comhlachtaí poiblí a chinntiú go mbíonn íosmhéid 4% na bhfostaithe mar dhaoine faoi mhíchumas
- Faoi 2021, caithfidh comhlachtaí poiblí a chinntiú go mbíonn íosmhéid 5% na bhfostaithe mar dhaoine faoi mhíchumas

Faoi 2023, caithfidh comhlachtaí poiblí a chinntiú go mbíonn íosmhéid 6% na bhfostaithe mar dhaoine faoi mhíchumas

Sa léiriú freisin sonraíodh na bearta dearfacha a bhféadfadh Bainisteoirí Sinsir agus Ranna HR a chur i bhfeidhm sna comhlachtaí poiblí ar bhonn méaduithe lena chinntiú go nglacfar le lucht míchumais. Orthusan tá:

- Cultúr a chruthú a thacaíonn le lucht míchumais a earcú, a fhostú is a choimeád. Ba chóir sa pholasaí go mbeifí an-shoiléir faoin earcú, faoi chóiríocht chuí réasunta a sholáthar do na fostaithe agus iad siúd a fhaigheann míchumas a choimeád ar an bhfoireann. Ba chóir na polasaithe a fhoilsiú i bhformáid inrochtana. Ba chóir freisin don Bhainistíocht Shinsir agus Ranna HR a chinntiú go dtuigeann na fostaithe go léir na polasaithe úd.
- Ráta maith freagartha ar dhaonáireamh na bhfostaithe a chinntiú trí chultúr a chruthú trína dtuigfidh na fostaithe go soiléir nach mbeidh aon drochthoradh ó thaobh fostaíochta de i gceist má admhaíonn siad a bheith faoi mhíchumas.
- Oiliúint um chonmhionannas fostaíochta do lucht míchumais a chur ar fhostaithe ar gach aon leibhéal, san áireamh beidh siad siúd atá freagrach as forbairt polasaí agus bainistiú daonacmhainní
- Díriú ar fhostaithe nua faoi mhíchumas a earcú, mar shampla, leas a bhaint as tréimhsí taithí oibre 6- 12 mí mar mhodh earcaíochta dóibh. Le linn clár taithí oibre bíonn deis ag an bhfostóir a chinntiú an bhfuil na scileanna cuí ag an dhuine chun a ról san eagraíocht a chur i gcrích. Baineann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Chomhairle Ealaíon feidhm cláir taithí oibre i dtreo earcaíochta. Baineann scata comhlachtaí poiblí leas as an gClár *Willing Able and Mentoring (WAM)* atá ag an gCumann um Rochtain ar Ard-Oideachas agus Míchumas (AHEAD)) atá ag an gCumann um Rochtain ar Ard-Oideachas agus Míchumas (AHEAD) i dtreo taithí oibre a sholáthar do lucht míchumais. Ina theannta san chuir an NDA comhairle agus thug treoir don Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an dtábhacht a bhaineann le hintéarnachtaí agus taithí oibre mar bhealach roghnach i dtreo na fostaíochta
- Folúntais a fhógairt trí eagraíochtaí míchumais
- A chinntiú go bhféadfaidh iarratasóirí na fógraí poist agus foirmeacha iarratais a fháil i bhformáid inrochtana. Níor mhór a shoiléiriú ar na cáipéisí úd gur féidir leo siúd a ghlaotar chuig triail cumais/measúnaithe agus/nó agallamh cóiríocht réasunta a lorg chun tacú leo ag freastal agus ag glacadh páirt i dtríleacha/agallaimh
- A chinntiú go gcaitear ar bhonn cothrom le lucht míchumais agus a ligean do bhealaí neamhthraidisiúnta i gcás daoine ag léiriú a gcuid buanna
- Oiliúint um mhíchumas a chur ar phainéil agallaimh ionas go mbeidh scileanna agus eolas cuí acu chun agallaimh a chur mar is cóir ar lucht míchumais
- Feabhas a chur ar phróisis tuairiscithe agus doiciméadú a dhéanamh go cruinn ar na bearta a úsáidtear chun earcú lucht míchumais a fheabhsú. Slí mhaith amháin sa bhfeabhsú céanna ab ea sprioc cinnte a leagan síos don líon daoine faoi mhíchumas a bheidh ar an bhfoireann, mar shampla, faoi dheireadh 2018 bheadh uathu 4% dá gcuid fostaithe a bheith mar lucht míchumais. Ansin is féidir na gnímh i dtreo é sin a shroicheadh a dhoiciméadú agus a rianú
- Ag deireadh bliana, beidh comhlachtaí poiblí in ann tionchar na ngníomh úd ar an earcaíocht mhíchumais a mheas. Sna tuairiscí reachtúla bliantúla chuig an NDA, d'fhéadfaí an dul chun cinn déanta a dhoiciméadú agus a choimriú go cruinn is go beacht maraon le

haon rud a bheadh foghlama tríd an bpróiseas. Ansin bheadh pictiúr soiléir ag an NDA faoi na comhlachtaí poiblí ag iarraidh a gcuid dualgais faoi Cuid 5 den Acht Míchumais 2005 a chomhlíonadh agus d'aithneofaí aon tacaíocht bhreise a bheadh de dhíth orthu.

Leanann an NDA de chomhlachtaí poiblí a threorú sa réimse seo. Bímid ag súil go léireoidh comhlachtaí poiblí sna tuairiscí conas a chuirtear na bearta úd i bhfeidhm agus freisin bheifí ag súil le méadú in aghaidh bliana ar líon na bhfostaithe míchumais a bhíonn acu.

Tá gach seans go smaoineoidh an NDA ar fhóraithe do chomhlachtaí poiblí a bhunú dóibh siúd a sháraigh an sprioc 3% agus a chuir lena líon fostaithe faoi mhíchumais, ionas go bhféadfaí dea-chleachtas agus taithí lena gcuid piardaí. D'fhéadfadh a leithéid de chóras a bheith an-éifeachtach mar thaca do chomhlachtaí poiblí ag iarraidh cur leis an earcú ionas go rachfaí chun cinn ag iarraidh an sprioc reachtúil 6% a shroicheadh faoin mbliain 2024.

2 Príomhthorthaí do 2016

2.1 Sáraíodh an sprioc 3% don séú bliain as a chéile

Don séú bliain as a chéile sháraigh líon iomlán an lucht míchumais sa tseirbhís phoiblí an sprioc 3% (féach Tábla 1). Tharla méadú ar an líon iomlán fostaithe agus ar an líon lucht míchumais ón mbliain 2015.

Tá 213,991 fostaí ar fad ann, sin méadú 12,650 (6.5%) ar fhiigiúr 2015 agus tá 7,457 fostaí ar fad faoi mhíchumas, sin méadú 212 (2.9%) ar 2015.

Mhéadaigh ar na figiúirí don tríú bliain as a chéile. Blianta eile (ó 2007 go 2013) bhíodh laghdú ar an líon fostaithe in aghaidh na bliana, os coinne sin, bhíodh an líon fostaí a luaigh míchumas ag dul suas agus síos.

I mbliana 2016, sháraigh an líon fostaithe faoi mhíchumas an líon dá leithéid a bhí ann i 2010 faoi 29.7%. Anois tá an líon is mó riamh fostaithe faoi mhíchumas san earnáil phoiblí in Éirinn taifeadta againn i 2016.

Tábla 1: I dtreo Sprioc 3%, 2007-2016

Bliain	Foireann iomlán	Líon foirne tuairiscithe faoi mhíchumas	% den bhfoireann iomlán
2007	238,833	5,879	2.5%
2008	229,000	6,083	2.7%
2009	219,653	6,380	2.9%
2010	210,249	5,748	2.7%
2011	205,067	6,171	3.1%
2012	197,588	6,611	3.3%
2013	192,575	6,464	3.4%
2014	195,278	6,771	3.5%
2015	201,341	7,245	3.6%
2016	213,991	7,457	3.5%

2.2 Athruithe ar chomhlachtaí reachtúla

Tháinig an tÚdarás Póilíneachta ar an bhfód le linn 2016 agus sheol a gcuid tuairiscí faoi Chuid 5 faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bunaíodh An Coimisiún Ombudsman An Gharda Síochána thiar sa bhliain 2007. Idir 2007 – 2015 cuireadh an chomhlacht úd isteach le figiúirí iomlán An Roinn Dlí agus Cirt agus

Comhionannais agus ní dheantaí tuairisc ar leith don tréimhse úd. I mbliana 2016, thuairiscigh an Chomhlacht reachtúil seo faoi Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I 2016, cuireadh an tuairisc Cuid 5 ó Chosaint Shibhialta isteach le figiúr iomlán An Roinn Cosanta.

I 2016, ní raibh An Bord Pinsin Airm, Údarás Dugaí Bhaile Átha Cliath ná Cuideachta Poirt Chill Mhantáin ag feidhmiú a thuilleadh.

Tharla na hathruithe seo le linn 2016:

- An Coimisiún um Achomhairc Chánach anois atá ar an Oifig na hGCoimisinéirí Achomhairc mar a bhíodh
- Díobhadh Oifig an An Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe agus aistríodh na feidhmeanna chuig comhlacht nua, An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta
- Díobhadh Oifig an Bhinse Achomhairc Dídeanaithe agus aistríodh na feidhmeanna chuig Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta
- Tugtar an Coimisiún um Rialáil Iarnróid anois ar an gCoimisiún Sábhailteachta Iarnróid mar a bhíodh

I 2016, cuireadh athrú teidil ar Roinn amháin Rialtais:

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta a thugtar anois ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta mar a bhíodh

D'aistrigh comhlachtaí áirithe poiblí chuig Ranna eile Rialtais le linn i 2016. Féach led thoil ar Thábla 2 anso thíos:

Tábla 2: Comhlachtaí a d'aistrigh chuig Roinn eile le linn 2016

Comhlacht Phoiblí	Líon iomlán fostaithe		Líon iomlán fostaithe faoi mhíchumas		% iomlán fostaithe faoi mhíchumas		Aistriú Roinne i 2016
	2015	2016	2015	2016	2015	2016	
Coimisiún Forbartha an Iarthair	13	12	0	0	0%	0%	I 2016, bhog an chomhlacht poiblí seo ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil go dtí An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

	Líon iomlán fostaithe		Líon iomlán fostaithe faoi mhíchumas		% iomlán fostaithe faoi mhíchumas		
	2015	2016	2015	2016	2015	2016	
Comhlacht Phoiblí							Aistriú Roinne i 2016
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	353	16	382	16	4.5%	4.2%	I 2016, bhog an chomhlacht phoiblí seo ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil go dtí An Roinn Cumarsáide, Gníomh Aeráide agus Comhshaoil
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI)	225	223	7	9	3.1%	4.0%	I 2016, bhog an chomhlacht phoiblí seo ón An Roinn Cumarsáide, Gníomh Aeráide agus Comhshaoil go dtí An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
An Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	0	83	0	3	0%	3.6%	Ceapadh an chomhlacht seo i 2007. Idir 2007 – 2015 chuimsigh figiúirí An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an chomhlacht phoiblí seo. Ní dhearna an chomhlacht tuairisc ar leith le linn na tréimhse úd. I 2016, thuiriscigh an Chomhlacht seo faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2.3 Anailís de réir cineál an chomhlachta reachtúla

Cuireadh sonraí 2016 i gcúig cinn de chatagóirí comhlachtaí poiblí ar aon dul le blianta eile:

- comhlachtaí tráchtála,
- ranna rialtais,
- comhlachtaí údarás áitiúla,
- comhlachtaí neamhthráchtála poiblí agus
- comhlachtaí poiblí faoi státseirbhísigh.

Comhlachtaí Tráchtála

Is iad na comhlachtaí tráchtála ná na comhlachtaí stáit iompair agus fuinnimh mar a raibh 17.5% de líon an lucht oibre san earnáil phoiblí i 2016. Léiríonn sonraí 2016 méadú 337 go 37,543 ar an líon iomlán fostaithe agus méadú 3 go 1,584 ar lucht tuairiscithe faoi mhíchumas (4.2%).

Ar an iomlán shroich 82.1% na gcomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc, méadú ar 76.7% i 2015 (féach Tábla 3).

Ranna Rialtais

Tá beagán faoi bhun duine as gach deichniúr san earnáil phoiblí ag obair i roinn rialtais. I 2016, bhí 20,688 fostaithe agus 4.6% (952) luaitre faoi mhíchumas.

Mhéadaigh an líon fostaithe faoi mhíchumas faoi 36 i gcomparáid le figiúirí 2015.

Sháraigh na 17 roinn an sprioc 3% don chúigiú bliain as a chéile.

Rialtas Áitiúil

Tá 14% nach mór den earnáil phoiblí ag obair san earnáil údarás áitiúla, cuimsítear comhairlí contae is cathrach agus comhlachtaí eile údarás áitiúla.

Léiríonn tuairisc 2016 laghdú 42 go beagán os cionn 30,000 fostaí agus luadh míchumas le 28 acu (4.8%). Ar an iomlán sháraigh 91.4% de chomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc agus b'ín méadú 5.7% ar fhiúir 2015.

Comhlachtaí Neamhthráchtála

Seo an earnáil is mó sa tseirbhís phoiblí mar a bhfuil beagnach a leath den lucht iomlán oibre. Is anso atá an fostóir is mó acu, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). San earnáil seo freisin tá comhlachtaí eile sláinte, na hInstitiúidí Teicneolaíochta, comhlachtaí cultúrtha mar An Ceoláras Náisiúnta agus comhlachtaí comhairlitheach mar Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann.

I gcomparáid le 2015 tháinig méadú 11,259 go 113,058 ar an líon fostaithe san earnáil seo agus 2.6% (2,931) luaite faoi mhíchumas, laghdú an-bheag ó 2.8% i 2015.

Séard is cúis leis an méadú san earnail seo ná an méadú suntasach mar 9,961 ar líon iomlán na bhfostaithe i bhFeidhdhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. B'shin thart ar 90% den mhéadu iomlán san earnail.

I 2016, níor shroich na comhlachtaí seo a leanas an sprioc 3%:

- An Gníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach (TUSLA) 0.7% in 2016 (1.2% i 2015)
- Feidhdhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. 2.0% (2.2% i 2015)
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge 2.4% in 2016 (2.5% i 2015)

Mar a tharla roimhe seo, is í seo an t-aon earnáil nar shroich an sprioc 3% i 2016.

Comhlachtaí Poiblí faoi Státseirbhísigh (PBCS)

Sna háisínteachtaí seo tá thart ar 5.9% den lucht oibre san earnáil phoiblí. San earnáil tá comhlachtaí mar a bhfuil foireann státseirbhíseach mar shampla An Bord Pleanála, Na Coimisinéirí Ioncaim, An Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

I 2016 tháinig méadú 610 go 12,675 ar an líon fostaithe san earnáil seo agus 4.3% (550) luaite faoi mhíchumas. Ar an iomlán shroich 75.6% na gcomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc. Seo méadú 9.8% ar fhigiúirí 2015.

Achoimre

Léiríonn sonraí 2016 an earnáil Tráchtála, ranna Rialtais, earnáil Neamhthráchtála agus comhlachtaí Poiblí faoi Státseirbhísigh gur méadaíodh ar an líon iomlán fostaithe agus ar an líon atá faoi mhíchumas (féach Tábla 3).

Tábla 3: Sonraí de réir cineál an chomhlachta phoiblí 2015, 2016

Cineál comhlacht san earnail phoiblí	Iomlán foirne	Líon foirne faoi mhíchumas	% foirne faoi mhíchumas	% iomlán foirne luaite faoi Chuid 5	% comhlachtaí a shroich an sprioc	Líon comhlachtaí poiblí
Tráchtála 2016	37,543	1,584	4.2%	17.5%	82.1%	28
Tráchtála 2015	37,206	1,581	4.2%	18.5%	76.7%	30
Athrú 2015/16	+337	+3	-	-1.0%	+5.4%	-2
Roinn Stáit. 2016	20,688	952	4.6%	9.7%	100.0%	17
Roinn Stáit. 2015	20,286	916	4.5%	10.1%	100.0%	17
Athrú 2015/16	+402	+36	+0.1%	-0.4%	-	0
Rialt. Áitiúil 2016	30,027	1,440	4.8%	14.0%	91.4%	35
Rialt. Áitiúil 2015	29,985	1,412	4.7%	14.9%	85.7%	35
Athrú 2015/16	+42	+28	+0.1%	-0.9%	5.7%	0
Neamhthrá. 2016	113,058	2931	2.6%	52.8%	68.0%	97
Neamhthrá. 2015	101,799	2,887	2.8%	50.6%	67.0%	97
Athrú 2015/16	+11,259	+44	-0.2%	+2.2%	+1.0%	0
PBCS 2016	12,675	550	4.3%	5.9%	75.6%	41
PBCS 2015	12,065	449	3.7%	6.0%	65.9%	41
Athrú 2015/16	+610	+101	+0.6%	-0.1%	+9.8%	0
Iomláin 2016	213,991	7,457	3.5%	100%	77.5%	218
Iomláin 2015	201,341	7,245	3.6%	100%	73.6%	220
Athrú 2015/16	+12,650	+212	-0.1%	-	+3.9%	-2

2.4 Anailís de réir méid an chomhlachta reachtúla

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann faoi bhun 100

Tá 85 comhlacht poiblí ag a bhfuil foireann faoi bhun 100 agus sin go díreach faoi bhun 1.5% an lucht iomlán oibre. Sa chatagóir seo tá 3,204 duine, agus 4.3% (139) luaite faoi mhíchumas. Sin beagán faoi bhun 1.9% an lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas (féach Tábla 3).

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann idir 100 and 999

Is sa chatagóir seo atá an líon is mó comhlachtaí poiblí (99) agus sin beagán faoi bhun 20% an lucht iomlán oibre. Ar an iomlán tá 41,404 duine agus 4.4% (1,835) luaite faoi mhíchumas. Sa chatagóir seo tá 4.6% den lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas.

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann idir 1000 agus 4999

Tá 28 comhlacht poiblí ag a bhfuil idir 1,000 agus 4,999 foirne agus sin go díreach faoi bhun 28% an lucht iomlán oibre. Fostaítear 59,723 duine agus 3.8% (2,279) luaite faoi mhíchumas, sin nach mór 31% den lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas.

Níl ach dhá chomhlacht poiblí sa chatagóir seo nár shroich an sprioc 3%:

- An Gníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach (TUSLA) 0.7% (1.2% in 2015)
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge 2.4% (2.5% in 2015)

Tháinig Ospidéal Beaumont arís faoi ghéilliúlacht (3.1%) i 2016 tar éis a bheith faoi bhun an sprioc le trí bliana anuas.

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann os cionn 5,000

I 2016, is sa chatagóir seo a bhí an líon is lú comhlachtaí poiblí (6) ach an céatadán is mó den lucht iomlán oibre (51.2%). Fostaítear 109,660 duine agus 2.9% (3,204) luaite le míchumas. I 2016, tá 43% den bhfoireann iomlán san earnáil phoiblí faoi mhíchumas sna comhlachtaí móra poiblí seo.

I 2015, is sa chatagóir seo a bhí an líon is lú comhlachtaí poiblí (6) ach an céatadán is mó den lucht iomlán oibre (49.5%). I 2015, fostaíodh 99,615 duine agus 3% (3,023) luaite le míchumas. Tá 41.7% den bhfoireann iomlán san earnáil phoiblí faoi mhíchumas sna comhlachtaí móra poiblí seo.

Ag seo na comhlachtaí poiblí atá sa chatagóir maraon le céatadán na bhfostaithe luaite faoi mhíchumas:

- An Post 5.4% (5.1% i 2015)
- An Roinn Coimirce Shóisialaí 5.1% (5.0% i 2015)
- Comhairle Cathrach BÁC 5.9% (5.9% i 2015)
- Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) 3.8% (4.7% i 2015)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2.3% (2.2% i 2015)
- Na Coimisinéirí Ioncaim 4.2% (3.2% i 2015)

Seachas Bord Soláthair an Leictreachais, bhí méadú ar líon na bhfostaithe faoi mhíchumas sna comhlachtaí seo atá sa chatagóir os cionn 5000.

Tháinig méadú ar an líon fostaithe faoi mhíchumas i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ó 1,431 i 2015 go 1,549 i 2016. In ainneoin sin, bhí laghdú ar chéatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas i 2016 toisc gur tharla méadú ollmhór (15%) ar an líon iomlán foirne le linn na bliana.

Tábla 4: Sonraí de réir méid comhlacht poiblí 2016

Iomlán foirne	Líon comhl-acht poiblí	Iomlán foirne	Líon foirne faoi mhíchumas	% foirne faoi mhíchumas	% iomlán foirne a luadh i dtuairisc faoi Chuid 5	% foirne faoi mhíchumas
1-99	85	3,204	139	4.3%	1.5%	1.9%
100 -999	99	41,404	1,835	4.4%	19.3%	24.6%
1,000 -4,999	28	59,723	2,279	3.8%	27.9%	30.6%
5,000 +	6	109,660	3,204	2.9%	51.2%	43.0%
Iomlán 2016	218	213,991	7,457	3.5%	100%	100%

Achoimre

Ó thaobh méid de, leantar den phatrún go mbíonn an lámh in uachtar ag na comhlachtaí is mó mar a bhfuil nach mór a leath den bhfoireann iomlán san earnail phoiblí. I 2016 theip ar na catagóirí ba mhó an sprioc 3% a bhaint amach is iad go díreach faoina bhun ag 2.9%.

2.5 Na hAthruithe a thuiscint

Fáiltíonn an NDA roimh an méadú beag go 212 duine sa bhreis faoi mhíchumas atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Is fíor, áfach, go leagaimid beim ar an bhfíric go bhfuil an-chuid fós le déanamh san earnail phoiblí chun cur leis na leibhéil úd.

Ní gá gur lucht nua foirne iad seo, bheadh feabhas ar thuairisciú i gceist nó b'fhéidir daoine a bhí ann cheana ach atá anois faoi mhíchumas.

Bhain an chuid ba mhó den mhéadu úd le dhá chomhlacht san earnail sláinte:

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte +118
- Na Coimisinéirí Ioncaim + 78

Bhí méadú suntasach freisin ag:

- Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath Teo +45
- Ospidéal Beaumont +36
- An Post +22

3. Monatóireacht agus Géilliúlacht

3.1 Sprioc-amanna tuairisce

Tháinig feabhas suntasach ó anuraidh ar ghéilliúlacht don sprioc-lá tuairisce do shonraí cineálacha agus cainníochtúla.

Sa tábla anso thíos léirítear dátaí faighte ó na 3 roinn a sheol tuairisc tar éis an sprioc-lá 30 Meitheamh.

Tábla 5: Géilliúlacht do sprioc-amanna tuairisce

Roinn	Tuairiscí Cainníochtúla Faighte	Tuairiscí Cineálacha Faighte
An Roinn Ealaíon, Oidhracht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta	18/07/2017	18/08/2017
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Faighte faoin sprioc-lá 30 Meitheamh 2017	18/08/2016
An Roinn Coimirce Sóisialaí	03/07/2016	03/07/2016

Foinse: Dátaí aighneachtaí seolta trí r-phost chuig an NDA

3.2 Géilliúlacht don Acht - 2013 agus 2014

Ia maith leis an NDA go bhfuil Ospidéal Beaumont, a bhí neamhghéilliúil i 2013 agus 2014, tar éis a thuairisciú gur lucht míchumais iad 3.1% dá gcuid fostaithe. Ina theannta san tá na bearta molta ag NDA á bhfeidhmiú ag an Ospidéal.

3.3 Géilliúlacht don Acht - 2014 agus 2015

Anuraidh, ba chás don NDA go raibh líon mór comhlachtaí poiblí faoi bhun an sprioc 3% dhá bhliain as a chéile i 2014 agus 2015.

Lean an NDA de theagmháil leo siúd agus comhlachtaí eile poiblí chun breis eolas a fháil ar bhearta a fheidhmíodh chun géilliúlacht a bhaint amach, trí mheán na gcumhachtaí reachtúla a leagan síos in Alt 49 den Acht Míchumais 2005.

Bhreachnaigh an NDA ar na freagraí agus thóg ceann de na hiarrachtaí a rinne na comhlachtaí chun cúrsaí a fheabhsú. Bhuail an NDA le cuid acu chun tacú leo agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir lena raibh ar bun agus a gcuid dualgais á gcomhlíonadh faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005. Cé go bhfuil cuntas againn ar na bearta praiticiúla atá déanta ag na comhlachtaí úd chun an sprioc a bhaint amach is iadsan á mbreathnú fós againn, níor eisíodh aon fhógra neamhghéilliúlachta go fóill.

Faoi Alt 49 den Acht Míchumais 2005 seoladh litreacha chuig na comhlachtaí seo a leanas ag lorg breis eolais ionas go bhféadfadh an NDA na bearta indéanta go dtí sin a mheas, tá an sprioc 3% sáraithe ag na comhlachtaí céanna.

Tábla 6: Comhlachtaí a shroich an sprioc 3% i 2016

Comhlachtaí Poiblí	Líon iomlán foirne i 2015	Líon iomlán foirne i 2016	Líon iomlán foirne faoi mhíchumas i 2015	Líon iomlán foirne faoi mhíchumas i 2016	% Líon iomlán foirne faoi mhíchumas i 2015	% Líon iomlán foirne faoi mhíchumas i 2016
Fiontar Éireann	563	587	16	20	2.8%	3.4%
Comhairle Contae Shligigh	411	411	5	16	1.2%	3.9%
